

Aonad 10 – Ceacht 2



Tomhaltóir Feasach Bileog an Mhúinteora

Bain leas as an eolas thíos chun an plé a éascú. Socraigh ord tosaíochta:

1. Tá cearta ag gach tomhaltóir nuair atá earraí/seirbhísí nua á gceannach ó ghnó acu.

(a) Fíor. Nuair a cheannaíonn tú earraí nó seirbhísí déanann tú conradh leis an siopa óna cheannaíonn tú iad. Faoi dhlíthe tomhaltais ní mór don earra a bheith:

- Ar chaighdeán sásúil – is é sin ar cháilíocht indíoltachta
- Oiriúnach don fheidhm a ceannaíodh é
- Cosúil leis an gcur síos a dhéantar air

2. Caithfidh siopa admháil a thabhairt duit nuair a cheannaíonn tú earraí nó seirbhísí uathu. An bhfuil an ráiteas seo fíor nó bréagach?

(b) Bréagach. Ní gá don siopa admháil a thabhairt duit ach is cleachtas maith é ceann a lorg nuair a cheannaíonn tú aon rud – mar chruthúnas má tá rud éigin mícheart. Nuair a cheannaíonn tú earra le cárta – is minic gur féidir an t-idirbheart ó do chuntas a úsáid mar chruthúnas.

3. Ceannaíonn tú cóta a thógann tú abhaile – ach ní maith leat é. Cad is ceart a dhéanamh:

(c) Fiosraigh polasaí an tsiopa maidir le hearraí ar ais. Níl aon chearta agat nuair a athraíonn tú d'intinn mar seo. Ach is minic go mbíonn siopaí sásta earraí a mhalartú i gcásanna dá leithéid – nó nóta creidmheasa a thabhairt – mar dhea-thoil. Mar sin fiosraigh polasaí an tsiopa nuair atá earraí á gceannach agat nach bhfuil tú cinnte fúthu.

4. Faigheann tú bronntanas do do bhreithlá nach maith leat. An ceart duit:

(b) Tóg é ar ais chuig an siopa leis an admháil agus fiosraigh an féidir é a mhalartú le haghaidh rud éigin eile. Is minic go mbíonn siopaí sásta malartú a dhéanamh i gcásanna mar seo. Bheadh admháil uait, den chuid is mó agus dea-thoil. Níl aon dualgas reachtúil ar shiopaí earraí mar seo a mhalartú – mar sin seans go mbeadh ort é a thabhairt do dhuine éigin eile.

5. Ceannaíonn tú earra leictreach i sladmhargadh ach ní oibríonn sé. An ceart duit:

(b) An earra a thógáil ar ais go dtí an siopa agus éiligh aisíoc iomlán ar an méid a chaith tú air, nó earra ionaid. Bíonn na cearta céanna agat nuair a cheannaíonn tú earraí i sladmhargadh ná mar a bhíonn ag aon am eile. Mar sin, má bhíonn fadhb le hearra ní athraíonn do chearta díreach toisc go mbíonn sé ar shladmhargadh. Bíonn tú i dteideal aisíoc nó malartú bunaithe ar an bpraghas a íocann tú.



Aonad 10 – Ceacht 2



Tomhaltóir Feasach Bileog an Mhúinteora

6. Ceannaíonn tú péire bróg ach ceapann tú nach n-oireann siad duit. Thug tú faoi deara inné go bhfuil na bróga ar shladmhargadh. Cad is ceart a dhéanamh:

(c) Fiosraigh polasaí an tsiopa maidir le hearraí ar ais. Má cheannaíonn tú earra ar phraghas iomlán agus má tá sé ar shladmhargadh faoin am go n-athraíonn tú d'intinn faoi, seans nach bhfaighfeá ach an praghas laghdaithe má tá an siopa sásta aisíoc a thabhairt. Ach braitheann seo ar dhea-thoil an tsiopa.

7. Cheannaigh tú citeal a stop ag obair tar éis úsáid amháin. Tógann tú ar ais go dtí an an siopa é ach deir siad gur gá duit é a thabhairt ag an déantóir. An bhfuil seo ceart?

(b) Níl. Nuair a cheannaíonn tú earra i siopa, déantar Conradh idir tú féin agus an siopa. Mar sin, is orthu a bhíonn aon dualgas ina leith – ní an déantóir. Ba cheart don siopa aon fhadhb a réiteach duit in achar réasúnta ama – agus gan mórán trioblóide a chur ort.

Más fadhb shuntasach í, ba cheart go bhfaighfeá an rogha d'airgead a fháil ar ais. Má bhíonn fadhb taobh istigh de 6 mhí ó cheannaíonn tú é, glactar leis go raibh fadhb ann ón tús agus tá tú i dteideal aisíoc nó deisiú, nó malartú.

8. Ceannaíonn tú léine dheas do do dhaid dá bhreithlá – ach tugann tú faoi deara go bhfuil dhá chnaipe in easnamh air. An ceart duit:

(b) An léine a thógáil ar ais go dtí an siopa agus earra ionaid, aisíoc nó íslíú ar an bpraghas a éileamh. Toisc gur fabht sách simplí é seo, is féidir leat deisiú nó malartú a lorg. Munar féidir é seo a dhéanamh, nó mura dtarlaíonn seo – is féidir leat íslíú a lorg ar an bpraghas nó aisíoc iomlán

9. Ceannaíonn tú fón ach ní oibríonn sé ón tús. Tógann tú ar ais go dtí an siopa é agus deisíonn siad é. Ach ní oibríonn sé arís tar éis míosa. Tá tú i dteideal earra ionaid nó aisíoc:

(a) Fíor. Má ghlacann tú le deisiú, chaithfeadh sé a bheith buan. Má tharlaíonn an fhadhb chéanna arís, ba cheart go mbeifeá i dteideal malartú nó aisíoc.

10. Ceannaíonn tú ríomhaire nua. Oibríonn sé ar feadh seachtaine ach ansin bíonn deacrachtaí leis. Tógann tú ar ais go dtí an siopa é agus lorgaíonn siad €50 chun é a dheisiú. An bhfuil seo ceart?

(b) Níl. Ba cheart go mbeadh aon deisiú saor in aisce duit – mura mbíonn aon bhaint agat le pé deacracht a bhíonn i gceist. Níor cheart don siopa aon chostas a ghearradh ort – bíodh sin don deisiú nó don phost.





Tomhaltóir Feasach Bileog an Mhúinteora

11. Ceannaíonn tú geansaí nua ach feiceann tú go bhfuil poll ann. Tógann tú ar ais go dtí an siopa é ach deir siad leat go bhfuil polasaí acu gan aisíoc a thabhairt nó malartú a dhéanamh. An bhfuil seo ceart?

(b) Níl. Má tá earra mar seo á thabhairt ar ais agat, ní dhéanann polasaí mar seo aon difríocht do na cearta a bhíonn agat mar thomhaltóir. Is minic go gcrochann siopaí fógraí dá leithéid nuair a bhíonn sladmhargadh acu – ach ní dhéanann siad aon difríocht má bhíonn fadhb.

